

# An Tuiseal Ginideach Uatha

## Athruithe ag Deireadh na bhFocal



### Achoimre Dheich bPointe

1. Tá athruithe a tharlaíonn ag deireadh na bhfocal nuair atá an T.G. Uatha i gceist.
2. Leanann na rialacha a bhaineann leis an Tuiseal Ginideach Uatha an díochlaonadh ina bhfuil an t-ainmfhocal.
3. Ainmfhocail sa chéad díochlaonadh:
  - a. Go léir firinsneach
  - b. Críochnaíonn ar chonsan leathan

Athruithe ag an Deireadh	Samplaí
caolaítear	Dath <b>an</b> bháid
	Blas <b>an</b> úill
	I rith <b>an</b> tsamhraidh

4. Ainmfhocail sa dara díochlaonadh:
  - a. De ghnáth baininsneach
  - b. Críochnaíonn ar chonsan

Athruithe ag an Deireadh	Samplaí
caolaítear + e	Ag glanadh <b>na</b> fuinneoige
	Tús <b>na</b> hoibre
	i rith <b>na</b> seachtaine

5. Ainmfhocail sa tríú díochlaonadh:
  - a. Firinsneach agus Baininsneach
  - b. Críochnaíonn le -eoir, -éir, -úir, -óir
  - c. Críochnaíonn le -(a)íocht, (e)acht
  - d. Críochnaíonn le -úint, -áil

Athruithe ag an Deireadh	Samplaí
leathnaítear + a	Hata <b>an</b> fheirmeora
	Tíortha <b>na</b> hEoropa
	Cóta <b>an</b> tsaighdiúra



6. Ainmfhocail sa cheathrú díochlaonadh:

- An chuid is mó firinsneach
- Críochnaíonn ar ghuta nó le -ín

Athruithe ag an Deireadh	Samplaí
gan athrú	Ag ithe <b>an</b> bhia
	I rith <b>na</b> hoíche
	Cóta <b>an</b> tseandúine

7. Ainmfhocail sa chúigiú díochlaonadh:

- An chuid is mó baininsneach
- Críochnaíonn ar ghuta
- Críochnaíonn le -ch, -n, -d nó -r
- Críochnaíonn le -in, -il, -ir

Athruithe ag an Deireadh	Samplaí
Focail a chríochnaíonn ar ghuta - cuirtear 'n' ag an deireadh	Lucht monarchan
Focail a chríochnaíonn ar chonsan - leathnaítear	Ainm <b>an</b> athar
Focail a chríochnaíonn le -air - titeann an -ai agus cuirtear -ach ina ionad	I lár <b>na</b> cathrach